



# An Luan: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a bhím cneasta agus comhbhách

## Cíor

Arsa an Dalai Lama: *Is rudaí riachtanacha iad an grá is an chomhbhá, ní só an tsaoil a bhíonn iontu. Ní leanfaidh an cine daonna gan iad.*

Seo cúpla sainmhíniú ar an gcomhbhá:

*An léargas a bheith ag duine ar an rud atá riachtanach le déanamh anois díreach, agus an toilteanas a bheith ann é a dhéanamh anois díreach.* (Brad Warner)

*Léargas a bheith ag duine ar fhulaingt an duine eile, chomh maith le fonn a bheith air an fhulaingt a leigheas.* (Mary Brantley)

Le comhbhá a léiriú, caithfimid na riachtanais a bhaineann le daoine eile a aithint. Spreag na daltaí le go mbeadh tabhairt faoi deara iontu maidir le daoine eile, díreach mar a bhí ag Íosa, le déanamh amach conas is féidir cabhrú leo.

## Pléigh

- Cuir ceist ar na daltaí cad is brí leis an bhfocal ‘**cineálta**’, agus cad is brí le ‘**comhbhá**’. Scríobh na focail seo ar chártaí agus cuir san Áit Urnaí iad. Cabhróidh siad le machnamh a dhéanamh agus mar spreagadh chun gnímh.
- Pléigh an sórt cineáltais, an sórt dea-iompar a dhéanfadh daltaí ar scoil. Scríobh ar stiallacha cártaí iad agus cuir i ‘bosca cineáltais’ iad. Píocann gach paiste ó ‘tobar an áidh’ agus déanann an gníomh atá luaite chomh tapa in Éirinn agus is féidir.
- Déan liosta d’fhocail a chiallaíonn ‘**cineáltas**’. Spreag na páistí le go mbainfidís úsáid as go leor de na focail sin i rith an lae.

Spreagfaidh na focail seo faoin gcineáltas na mic léinn chun gnímh:

*Bí cineálta le duine amháin in aghaidh an lae. Samhlaigh an méid cineáltais a scaipfeá thart i rith do shaoil! Tosaíonn an chneastacht ionam féin.*



## Déan

### Bileog Oibre

Iarr ar na daltaí deich bhfocal cineálta a scríobh sna boscaí ar bharr an leathanaigh ina dhiaidh seo. Iarr orthu cur síos a dhéanamh thíos fúthu, ar thrí eachtra inar thug siad uireasach faoi deara, agus conas mar a d’fhéadfaidís cabhair a sholáthar don duine sin, agus ar chabhraigh siad léi/leis.



\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_



1.

\_\_\_\_\_

2.

\_\_\_\_\_

3.

\_\_\_\_\_



# An Mháirt: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhaithim agus nuair a dhéanaim athmhuintearas

## Cíor

Bíonn sé deacair, thar a bheith deacair a leithéid a dhéanamh! Nuair a ghortaítear sinn, nuair a chuirtear as dúinn, nuair a bhímid feargach, nuair a ligtear síos sinn, bíonn sé deacair maithiúnas a thabhairt. Ach seo a rud a lorgaítear uainn mar lucht leanúna Íosa. Tá sé le léamh i Matha 18:21-22:

*Tháinig Peadar chuige ansin agus dúirt leis: 'A Thiarna, cé mhéad uair ba cheart dom pardún a thabhairt do mo bhráthair nuair a chiontaíonn i m'aghaidh? Go dtí seacht n-uaire?' Dúirt Íosa leis: 'Ní go dtí seacht n-uaire a deirimse leat ach go dtí seacht n-uaire seachtód'.*

Bronntanas uainne is ea an maithiúnas. Déanaimid rogha a bheith maiteach. Baineann athmhuintearas le síocháin a dhéanamh, cairdeas a dhéanamh athuair, nuair a bhíonn titim amach nó gortú i measc dhaoine. Caithfear leithscéal a ghabháil as an ngortú, glacadh le leithscéal, maithiúnas a thabhairt, lámh a chroitheadh mar chomhartha go bhfuil síocháin ann.

Tá nasc anseo le bheith ag ullmhú agus ag múineadh maidir le Sacraimint na hAithrí, agus ceiliúradh a dhéanamh ar mhaithiúnas Dé.

## Pléigh

- Bí ag caint leis na mic léinn maidir leis an deacracht atá ann glacadh leis an dúshlán seo, agus freagra a thabhairt air, maithiúnas a thabhairt agus athmhuintearas a dhéanamh. Conas mar a bheadh an neart iontu an obair dheacair seo a chur i gcrích? Cé a thug gealladh dúinn go mbeadh sé réidh i gcónaí cabhair a sholáthar dúinn?
- Déan plé faoi na heachtraí éagsúla a tharlaíonn ar scoil, sa chlós ach go háirithe, agus na huairéanta go mbeadh gá ann leis an athmhuintearas a dhéanamh. Conas mar a thugaimid maithiúnas? Ar mhothaigh na páistí riamh gur tugadh maithiúnas dóibh, gur thug siad féin maithiúnas, go raibh athmhuintearas curtha i bhfeidhm? Conas mar a mhothaíodar? An bhféadfadh an rang 'cód maithiúnais' a chur i bhfeidhm?
- Cuir am urnaí ar fáil, nuair is féidir leis na daltaí machnamh ciúin a dhéanamh ar an ngá atá ann maithiúnas a thabhairt, agus ar an maithiúnas a lorgóidís féin ar uairibh.
- Foghlaim agus abair An Gníomh Dóláis.
- Can 'Tá Brón Orm' ó 'Beo go Deo 3'. Tá na focail den iomann seo ar fáil i PowerPoint ag: [education.dublindiocese.ie](http://education.dublindiocese.ie)

## Nasc Beo go Deo

Sa téacsleabhar *Beo go Deo 3* tá na leathanaigh 30, 31 & 32 ábhartha don téama seo. Sa leabhar *Beo go Deo 4* féach na leathanaigh 28, 29 & 38.




**Déan**

**Bileog Oibre**

Iarr ar na mic léinn, pictiúr a thugann léargas ar eachtra inar thug siad maithiúnas don duine eile a tharraingt, agus a dhathú sa bhosca thíos.

**“Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh (Matha 7:12)**

**MAITHIM**





# An Déardaoin: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a dhéanaim an ceart is an chóir

## Cíor

Arsa an Pápa Pól VI: *Má lorgaíonn tú an tsíocháin, bí ag obair ar son an chirt*, agus arsa Martin Luther King: *Má bhíonn an éagóir in áit ar bith, is bagairt ar an gceart i ngach áit eile í*. Díreach mar a bhí á rá againn maidir leis an gcineáltas, tosaíonn an chothromaíocht agus an ceart ionainn féin. Déanaimid an ceart a thabhairt, toisc gurb é an rud ceart le déanamh é.

## Pléigh

Cabhraigh leis na daltaí é seo a fhoghlaim:

**Bímid cóir,  
Bímid cothrom,  
Déanaimid an rud ceart,  
I ngach aon áit.**

- Cén bhrí a bhaineann na daltaí as na focail thuas? Cad é an taithí a bheadh ag na daltaí ar an gcothromaíocht, an ceart, an rud cóir a bheith á dhéanamh? Conas is féidir linne an rud cóir ceart a dhéanamh?
- Conas is féidir liom bheith cothrom agus ceart sa bhaile, ar scoil, i measc mo chairde? An bhfuil amanna agus áiteanna ann inar féidir liom an rud cóir ceart a dhéanamh?

Bain úsáid as na moltaí thíos le scrúdú a dhéanamh ar na smaointe a bheadh acu maidir leis an rud cothrom ceart a bheith á dhéanamh acu i ngnáthimeachtaí an tsaoil.

- Inis scéal Zacháias (Lúcás 19:1-10) agus bí ag caint faoi nár léirigh Zacháias an chothromaíocht ná an ceart, agus conas mar a mhúin Íosa dó athrú saoil a chur i bhfeidhm.
- Imir cluichí cártaí nó cluichí boird sa seomra ranga. Pléigh na rialacha a bhaineann leo agus conas mar is gá imirt i gceart.
- Bíodh gníomhaíochtaí rólghlactha ar siúl agaibh a léiríonn daoine ag gníomhú ar bhealach ceart cóir.
- Bí ag caint faoi bheith ag súgradh sa chlós. Déan liosta de chúig rud chothrom agus cóir a dhéanfadh duine sa chlós.
- Conas is féidir linn a bheith cothrom agus cóir i leith an domhain a chruthaigh Dia? (Breathnaigh ar 'Earth Day Song' ar shuíomh Starfall: [www.starfall.com/n/holiday/earthday/load.htm?f&n=main](http://www.starfall.com/n/holiday/earthday/load.htm?f&n=main) le daoine a spreagadh maidir le haire a thabhairt don timpeallacht).
- Déan aithris ar imeachtaí ó na greannáin: d'fhéadfadh na daltaí breathnú orthu féin mar 'Sárghrúpa an Chirt' agus iad tiomanta don rud ceart cóir a dhéanamh.

## Nasc Beo go Deo

Ar leathanach 40 i *Beo go Deo 4* tá dán faoi shíocháin a dhéanamh a dhíríonn ar chuid de na gnéithe a bheadh i gceist maidir leis an tsíocháin a chur i bhfeidhm, agus a bheith ag maireachtáil go cothrom.



## Déan

### Bileog Oibre

Iarr ar na daltaí liostáil a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfaidís a bheith ag feidhmiú i gceart agus i gcóir.

**Bímid cóir, bímid cothrom,  
Déanaimid an rud ceart, i ngach aon áit.**



-----

-----

-----

-----

-----





# An Aoine: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhairim ar nós Íosa

## Cíor

Deir Íosa: *Is í seo m'aithne: sibh a thabhairt grá dá chéile, faoi mar a thug mé grá daoibh. Is iad seo m'aitheanta daoibh: sibh a thabhairt grá dá chéile.* (Eoin 15:12, 17). Iarrann Íosa orainn grá a léiriú dá chéile trína bheith cineálta, comhbhách, cothrom agus cóir agus trí mhaithiúnas a thabhairt agus athmhuintearas a dhéanamh. Má dhéanaimid a leithéid, beidh sé éasca do dhaoine trócaire agus grá Dé a aithint go héasca ionainn. Tagann an grásta agus an neart a bheadh uainn chugainn nuair a bhímid ag paidreoireacht, nuair a lorgaimid cabhair ón Spiorad Naomh. Faighimid cabhair bhreise maireachtáil ar nós Íosa nuair a ghlacaimid le hÍosa san Eocairist. Tá nasc anseo le hullmhúchán a dhéanamh don Chéad Chomaoin.

## Pléigh

Is féidir linn Paidir tar éis Comaoineach a rá:

A Thiarna Íosa, gráim agus adhram thú. Is tusa mo chara dílis.  
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa. Go raibh maith agat as teacht chugam.  
Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa, as ucht tú féin a thabhairt dom.  
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú cibé áit ina mbím.  
Bí taobh liom, a Thiarna Íosa, fan in aice liom go deo.  
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram  
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe leat féin. Amen

Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,  
Tá grá agam go leor.  
Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,  
Tá grá agam go leor.  
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt  
Sa bhaile is don saol mór. Amen

- Ag tabhairt na focail a scríobh Naomh Treasa d'Avila (lth. 3, Nótaí don Mhúinteoir) chun cuimhne, conas mar is féidir linn ár gcuid lámha a úsáid le maireachtáil ar nós Íosa? Ár nguthanna? Ár gcosa? Ár n-aghaidheanna?
- Conas is féidir liomsa maireachtáil ar nós Íosa? Conas is féidir liomsa maireachtáil ar nós Íosa sa bhaile agus ar scoil? Conas is féidir liomsa maireachtáil ar nós Íosa pé áit ina mbím? Bíodh leathanach dar teideal 'Mairim ar nós Íosa nuair ...' ag na leanaí, ionas gur féidir leo cúig smaoinemh a bhreacadh síos a bhainfeadh leis an mbaile, agus cúig chinn eile le rudaí le déanamh ar scoil.
- Tarraing an imlíne d'aghaidh mhór. Bain úsáid as grianghraif nó féinphortráidí na bpáistí (de thoise pas). Greamaigh ar an aghaidh mhór iad, agus déanfar 'aghaidh thrócaireach Dé' de, lán d'aghaidheanna na bpáistí.
- Bí ag caint mar gheall ar an mbileog oibre ar an gcéad leathanach eile, agus ar an mbrí a bhaineann na leanaí as na focail atá le sonrú air. Is féidir na focail a mhaisiú le pictiúir a thugann léargas ar na smaointe atá ann.



**Déan**

**Bileog Oibre**

Iarr ar na daltaí na bearnaí a líonadh ar an mbileog oibre. Tá na freagraí le sonrú ag bun an leathanaigh.



**Bíodh do ghuth.....**

.....



**Bíodh do shúile is do chluasa .....**

.....



**Bíodh do lámha .....**

.....



**Bíodh d'intinn .....**

.....



**Agus bíodh do chroí .....**

.....



cineálta, comhbhách,  
cartanach, ionraic,  
grámhar

